# Polasaí Ionannais i leith Rochtana agus Rannpháirtíochta

Ní dhéanfaidh critéir rollaithe Gaelscoil Liatroma leithcheal ar dhaltaí le cúlra éagsúil sóisialta. De réir Polasaí Rollaithe na scoile bíonn rochtain chomhionann ag gach dalta ó cheart.

Is é polasaí na scoile go mbeadh réimse áiseanna atá cothrom ó thaobh inscne de i gcúrsaí curaclaim – téacsleabhair, ábhair choimhdeacha, bogábhar, fearas spóirt etc.

Bainfear úsáid as gach deis chun cothromaíocht inscne a chothú trí mheán an churaclaim discréidigh/fholaithe.

Cinnteoidh na múinteoirí go ndéantar an curaclam a chur trasna ar bhonn cothrom ó thaobh inscne agus glacfaidh siad le gach deis chun tuiscint na ndaltaí a spreagadh maidir le dearcadh neamchomhfhiosach.

Ní bheidh idirdhealú ar bith idir an dá inscne agus na ranganna á leithdháileadh.

Má bhíonn ilranganna á n-eagrú roghnófar na daltaí ar bhonn sinsearachta ach amháin i gcásanna neamhghnáthacha speisialta.

Mar atá aontaithe leis an mB.B agus na tuismitheoirí ní foláir do na daltaí i nGaelscoil Liatroma éide scoile a chaitheamh.

Ní chuirfear ábhar ar bith i bhfógraíocht ar bith a thabharfadh le fios go bhfuil meas ar leith ar inscne ar bith.

Ní cóir ceist ar bith a chur i rith agallaimh a d'fhéadfaí tuiscint a bhaint as go bhfuil idirdhealú i gceist ar bhonn inscne.

Fostóir Comhionannais Deiseanna is ea an scoil seo.

**Rólanna agus Freagrachtaí**
Tacaíonn an BB leis an bpolasaí agus le héiteas an chomhionannais agus na rannpháirtíochta i measc chomhphobal iomlán na scoile.

Cothaíonn an fhoireann coincheap an chomhionannais agus an chirt do chách, ins na cláir oideachais ar leith agus sa churaclam "folaithe" ar feadh an lae ar scoil.

# EQUALITY OF ACCESS AND PARTICIPATION POLICY

The enrolment criteria of Gaelscoil Liatroma will not differentiate between pupils from different social strata. There is an equal right of access under the school's Enrolment Policy.

It is school policy to provide a gender balanced range of resources in curricular areas - textbooks, ancillary materials, software, sports equipment etc.
Every opportunity will be taken to promote gender equality through the discreet and hidden curriculum.
Teachers shall ensure that the language used in the school to mediate the curriculum is gender balanced and shall avail of opportunities to raise pupils' awareness of unconsciously held attitudes.
There shall be no differentiation between the sexes in the allocation of classes.
Where multi-classes have to be created this shall be done solely on the basis of seniority except in very special circumstances.
As agreed with the B.O.M. and parents all pupils in Gaelscoil Liatroma shall wear a uniform.
Nothing may appear in an advertisement which would indicate a preference for one gender over another.
Neither may any question be asked at interview which could be interpreted as discrimination on gender grounds.
This school is an Equal Opportunities Employer.

**Roles and Responsibilities**
The B.O.M. in supporting the policy and maintaining the ethos of equality and participation for all members of the school community.

The staff in promoting the concept of equality and justice for all, both within specific educational programmes and in the "hidden" curriculum throughout the school day.